**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 11

# Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 11, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheangaltais seo, tá an cuntas i gceangal leis seo ullmhaithe agam ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 do thuarastail agus do chostais Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i ndáil le seirbhísí ar leith riartha ag Oifig an Aire agus le haghaidh íocaíocht deontas agus deontas-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.
- Tá Ráiteas an Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh don Roinn Airgeadais ábhartha freisin, ós rud é go soláthraíonn an Roinn Airgeadais seirbhísí áirithe ar bhonn roinnte go Vóta 11.

**Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe**

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Roinn
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

**Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta**

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d’aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

25 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Roinn. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

9 Meán Fómhair 2013

# Vote 11 Oifig an Aire Caiteachais Phoiblí agua Athchóirithe

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastа** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí | 20,926 | 18,761 | 17,079 |
| B | Bainistiú agus athchóiriú na seirbhíse poiblí | 26,079 | 23,842 | 18,019 |
| | **Ollchaiteachas** | **47,005** | **42,603** | **35,098** |
| | *Asbhain* | | | |
| C | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **5,274** | **5,461** | **5,047** |
| | **Glanchaiteachas** | **41,731** | **37,142** | **30,051** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,589,218 | 4,790,181 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar measta** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 20,530 | 18,655 | 19,544 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 128 | 150 | 119 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 488 | 465 | 217 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 305 | 327 | 70 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 449 | 446 | 613 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 476 | 633 | 7 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 5 | — | 4 |
| viii | Uachtaránacht an AE | 343 | 85 | — |
| | | 22,724 | 20,761 | 20,574 |

# Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 19,063 | 13,062 |
| Pá | | 21,433 | 21,006 |
| Neamhphá | | 2,107 | 1,030 |
| **Ollchaiteachas** | | **42,603** | **35,098** |
| *Asbhain* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **5,461** | **5,047** |
| **Glanchaiteachas** | | **37,142** | **30,051** |
| | | | |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Airgead tirim um cheannacháin | (1,232) | | |
| Dímheas | 1,241 | | |
| | | 9 | 1,086 |
| **Athruithe i sócmhainní á bhforbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid tirim | | (3) | (43) |
| | | | |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe dúnta | (343) | | |
| Laghdú ar stoc [1] | 6 | | |
| | | (337) | (361) |
| **Caiteachas díreach** | | **36,811** | **30,733** |
| | | | |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 1,512 | 784 |
| Meas-chíosanna | | 1,551 | 1,513 |
| **Costas glan clár** | | **39,874** | **33,030** |

[1] Roinneann an Roinn Airgeadais (Vóta 7) agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta 11) a gcuid stoc. Ar chúiseanna éifeachtúlachta agus áisiúlachta, déantar caiteachas ar stáiseanóireacht agus stoic a thaifeadadh faoi Vóta 7 agus déantar caiteachas ar ábhair TF a thaifeadadh faoi Vóta 11. Mar sin féin, toisc go nglactar leis go roinntear na stoic, áirítear iad sna nótaí i ndáil le costas oibriúcháin a ghabhann le Cuntais Vóta 7 agus Vóta 11 agus leithdháiltear iad ar bhonn an líon foirne sna Ranna faoi seach.

**1.1 Glansheirbhísí Gaolmhara**

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 11 a tabhaíodh in áit eile.

| | **2012** | **2011** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Airgeadas | 335 | 143 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 388 | 450 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 789 | — |
| Vóta 20 Garda Síochána | — | 29 |
| Lárchiste - pinsin na nAirí | — | 162 |
| | 1,512 | 784 |

## 2 Clár Comhardaithe amhail ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.3 | 1,769 | 2,110 |
| **Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt** | 2.4 | — | 132 |
| | | **1,769** | **2,242** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.5 | 1,873 | 717 |
| Stoic | 2.6 | 19 | 25 |
| Réamhíocaíochtaí | | 704 | 355 |
| Ioncam Fabhraithe | | 31 | — |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.7 | 143 | 125 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **2,770** | **1,222** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 55 | 19 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.8 | 1,824 | 716 |
| Glan-Fhiachas don Státchiste | 2.9 | 192 | 126 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **2,071** | **861** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 699 | **361** |
| **Glansócmhainní** | | **2,468** | **2,603** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas um Maoiniú Stáit** | 2.1 | **2,468** | **2,603** |

| **2.1 Cuntas um Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **2012 €000** | **2011 €000** |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | 2,603 | — |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 38,654 | 30,835 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | 1,551 | 1,513 |
| Sócmhainní caipitiúla míreanna neamh-airgid eile [1] | | 374 | 30 |
| Dímheas míreanna neamh-airgid eile [1] | | (718) | (885) |
| Sócmhainní caipitil aistrithe comhlán | | — | 24,343 |
| Sócmhainní caipitil aistrithe dímheas | | — | (20,389) |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt aistríodh | | — | 186 |
| Sócmhainní caipitil eile nach míreanna neamhairgid iad atá i mbun forbartha | | (122) | — |
| Costas glan clár | 1 | (39,874) | (33,030) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **2,468** | **2,603** |

[1] Ag eascairt ón mbeartas cionranna le haghaidh sócmhainní arna roinnt ag an Roinn Airgeadais agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ní mheaitseálann na figiúirí sealbhaithe/dímheasa sa chlár comhordaithe leo siúd a léirítear sa Ráiteas faoi Chostas Oibriúcháin.

## 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim soláthraithe sa mheastachán | Cuntas | 41,731 | 34,841 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (4,589) | (4,790) |
| | | 37,142 | 30,051 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 1,512 | 784 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **38,654** | **30,835** |

## 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh TF | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 24,618 | 2 | 24,620 |
| Breiseanna | 1,618 | — | 1,618 |
| Diúscairtí | 26,236 | 2 | 26,238 |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | | | |
| | | | |
| **Dímheas Carntha** | 22,510 | — | 22,510 |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | 1,958 | 1 | 1,959 |
| Dímheas don bhliain | 24,468 | 1 | 24,469 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | | | |
| Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2012 | 1,768 | 1 | 1,769 |
| | | | |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | 2,108 | 2 | 2,110 |

Suas le 31 Nollaig 2010, taifeadadh na sócmhainní caipitiúla uile ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais. Ní thaifeadann an clár sócmhainní láthair an aonaid ghnó ag baint úsáide as an sócmhainn. Mar thoradh, ní raibh sé indéanta na sócmhainní a scoilteadh idir na haonaid sin a fhanann sa Roinn agus iad siúd á n-aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Go ginearálta, déantar sócmhainní i ndáil le troscán agus feistis agus trealamh oifige a thaifeadadh ar chlár sócmhainní na Roinne Airgeadais agus déantar sócmhainní i ndáil le trealamh TF a thaifeadadh anois ar chlár sócmhainní na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gearrtar dímheas ar shócmhainní ar an dá Roinn ar bhonn an líon foirne iontu araon. In ainneoin na nithe anseo thuas, cheannaigh an Roinn Airgeadais sócmhainní ar leith in 2012 dá húsáid eisiatach féin agus níl an dímheas ina leith seo cionroinnte.

## 2.4 Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

| ag 31 Nollaig | **Feidhmchláir Ríomhaireachta In-Tí** |
|---|---|
| | **€000** |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2012 | 132 |
| Íocaíochtaí airgid tirim don bhliain | 3 |
| Aistrithe chuig clár sócmhainne | (13) |
| Méid díscríofa le linn 2012 | (122) |
| Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2012 | — |

Tar éis athbhreithnithe thionscadal forbartha aithníodh líon tionscadal beag stairiúil mar thionscadail nach dócha go n-úsáidfí iad, mar gheall ar athruithe eagraíochtúla nó ós rud é gur sheachad na tionscadail cláir phíolótacha nár tharla forbairt ina dhiaidh sin dá mbarr. Costais phá a bhí sna costais ghaolmhara ar fad le haghaidh am foirne agus díscríobhadh iad.

## 2.5 Banc agus Airgead Tirim

| ag 31 Nollaig | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Airgead tirim agus iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta | 1,873 | 718 |
| Orduithe gan íoc | — | (1) |
| | 1,873 | 717 |

## 2.6 Stoic

| ag 31 Nollaig | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Stáiseanóireacht | 14 | 18 |
| Ábhair inchaite TF | 5 | 7 |
| | 19 | 25 |

## 2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile

| ag 31 Nollaig | **2012**<br>**€000** | **2011**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Caiteachas taistil in-fhorchúitithe | 23 | 4 |
| Caiteachas in-fhorchúitithe na scéime pas taistil | 92 | 77 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 28 | 44 |
| | 143 | 125 |

## 2.8 Iarmhéideanna Sochair Eile

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suimeanna dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 332 | 295 |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa | 121 | 98 |
| Cáin Shiarchoinneála na Seirbhísí Gairmiúla | 177 | 16 |
| Cáin Bhreisluacha | 20 | 2 |
| Ranníocaíochtaí Pinsin | 48 | 26 |
| Muirear Sóisialta Uilíoch | 100 | 87 |
| | 798 | 524 |
| Tuarastail in-fhorchúitithe | 53 | 42 |
| Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí | 99 | 91 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 874 | 59 |
| | 1,824 | 716 |

## 2.9 Glandliteanas don Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Farasbarr le tabhairt suas | 4,589 | 4,790 |
| Deontas Státchiste nár tarraingíodh | (4,397) | (4,664) |
| Glandliteanas don Státchiste | 192 | 126 |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,873 | 717 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 143 | 125 |
| | 2,016 | 842 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (798) | (524) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (1,026) | (192) |
| | (1,824) | (716) |
| | 192 | 126 |

## 2.10 Ceangaltais

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas infheidhmithe go dlíthiúil | 21 | 40 |

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Polasaí earnálach agus caiteachais phoiblí** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 8,177 | 7,779 | 7,637 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 731 | 814 | 155 |
| A.3 | Institiúid Taighde Eacnamaíoch agus Sóisialta - costais riaracháin agus ghinearálta (deontas-i-gcabhair) | 2,700 | 2,700 | 2,700 |
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 835 | 844 | 791 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair) | 690 | 581 | 657 |
| A.6 | Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 5,895 | 4,124 | 3,573 |
| A.7 | Comhlacht Cláir AE Speisialta | 1,197 | 1,226 | 1,168 |
| A.8 | INTERREG trasnáisiúnta agus na hÉireann/na Breataine Bige | 385 | 384 | 384 |
| A.9 | Athchóiriú na bainistíochta soláthair | 140 | 1 | — |
| A.10 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 176 | 308 | 14 |
| | | 20,926 | 18,761 | 17,079 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, an caiteachas i ndáil leis an gClár A €2,165,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair) | 109 | Tharla an coigilteas de bharr cuíchóiriú na gcostas i dtaca le taisteal, faisnéis agus bolscaireacht. |
| Clár Síochána/ INTERREG Thuaisceart Éireann | 1,771 | Tagann éagsúlachtaí chun cinn toisc go bhfuil sé deacair dátaí agus éilimh um tharraingt anuas i ndáil le tuarastail a mheas le cruinneas. |
| Athchóiriú na bainistíochta soláthair | 139 | Tharla an coigilteas de bharr moill sna costais i dtaca leis an athbhreithniú ar Chonarthaí na nOibreacha Poiblí, Bille na gConarthaí Foirgníochta 2010 agus breis forbartha an tsuímh ghréasáin um Athchóiriú an tSoláthair Fhoirgníochta. |
| Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | (132) | D'eascair an farasbarr ó chostais chomhairleachta a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a bhain le díolachán beartaithe an cheadúnais don Chrannchur Náisiúnta. |

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar measta | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **B** | **Polasaí Bainistíochta na Seirbhíse Poiblí** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 12,596 | 10,876 | 11,907 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | 1,220 | 1,293 | 875 |
| B.3 | An Foras Riaracháin (deontas-i-gcabhair) | 2,750 | 2,750 | 3,000 |
| B.4 | Gaeleagras na Serbhíse Poiblí | 45 | 19 | 40 |
| B.5 | Gnáthamh eadrána agus achomhairc na státseirbhíse | 50 | 34 | 35 |
| B.6 | Comhlacht athbhreithnithe ardtuarastal san earnáil phoiblí | 1 | — | — |
| B.7 | Comhlacht tagarmharcála na seirbhíse poiblí | 1 | — | — |
| B.8 | Coiste na ndámhachtainí feidhmíochta | 1 | — | — |
| B.9 | Tionscnamh cúram leanaí na státseirbhíse | 25 | 8 | 8 |
| B.10 | Seirbhísí comhairleoireachta agus eile | 100 | 195 | 41 |
| B.11 | An lárionad um fhorbairt bhainistíochta agus eagrúcháin | 1,380 | 1,685 | 1,090 |
| B.12 | Clár Oibre Athchóirithe | 1,730 | 617 | 354 |
| B.13 | An Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna | 4,630 | 5,338 | — |
| B.14 | Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | 1,515 | 995 | — |
| B.15 | An Coimisiún Reifrinn | 35 | 32 | 669 |
| | | 26,079 | 23,842 | 18,019 |

**Athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an caiteachas i ndáil leis an gClár B €2,237,000 níos ísle ná mar a fhoráiltear. Bhí sé seo den chuid is mó mar gheall ar an méid seo a leanas:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| An lárionad um fhorbairt bhainistíochta agus eagrúcháin | (305) | Tharla an farasbarr ó cheannachán seirbhísí agus trealamh TF d'fhonn an Lárionad Seirbhísí Comhroinnte AD a bhunú. |
| Clár Oibre Athchóirithe | 1,113 | Tharla an coigilteas de bharr moill le dátaí tosaithe na bpríomhthionscadal, caiteachas níos ísle ná mar a ceapadh i dtaca le cláir oiliúna agus moill i leith ceapacháin a dhéanamh chuig an Oifig Athchóirithe agus Seachadta. |
| An Lárionad Seirbhísí Comhroinnte Acmhainní Daonna | (708) | Tharla an farasbarr maidir le breis riachtanas ceadúnaithe agus trealaimh TF. |
| Seirbhís Chomhroinnte Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe | 520 | Tharla an coigilteas de bharr dáta tosaithe moillithe agus soláthar foirne níos ísle ná mar a ceapadh. |

# 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Fáltais ó Ranna maidir le ranganna na dteangacha iasachta | — | 12 | 19 |
| 2. | Cláir an AE | 2,635 | 2,393 | 2,229 |
| 3. | Farasbairr um shreabhadh airgid | 500 | 796 | 613 |
| 4. | Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,087 | 2,213 | 2,155 |
| 5. | Ilghnéitheach | 52 | 47 | 31 |
| | **Iomlán** | **5,274** | **5,461** | **5,047** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Tugtar míniú anseo thíos i gcás gach teideal ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim mheasta sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5%.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Cláir an AE | 242 | Bhí an tsuim níos ísle ná mar a tuaradh de bharr roinnt moilleanna i gcaiteachas ar thionscadail agus aisíocaíochtaí iarmhartacha níos déanaí ó Choimisiún an AE. |
| Farasbairr um shreabhadh airgid | (296) | Tharla éagsúlacht de bharr farasbarr pinsean níos airde ná mar a ceapadh ón IPA. |
| Fáltais ó asbhaint pinsean-choibhneasta ar luach saothair na seirbhíse poiblí | (126) | Ní féidir leibhéal na bhfáltas a mheas go cruinn toisc go bhfuil éagsúlacht i gceist leo ag brath ar an líon foirne fostaithe agus tá éagsúlacht ar an gcéatadán asbhainte ag brath ar leibhéal tuarastail na bhfostaithe ar leith. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

Aistríodh fáltais eile de chuid €28,644 chuig an Státchiste i rith na bliana maidir le hairgead a fuarthas in 2012 nach raibh cuí don Vóta. Baineann méid de chuid €25,834 le hairgead faighte ó Chiste Náisiúnta Sláinte agus Údaráis Áitiúil SIPTU. Baineann méid de chuid €606 le hiarmhéid chuntais bainc a dúnadh le linn 2012. Baineann méid de chuid €2,204 le costais tabhaithe ag freastal ar éisteacht aisíoctha ó Oifig an Rialtais.

## 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne ag deireadh na bliana** (coibhéis lánaimseartha) | 341 | 281 |

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá[1] | 20,187 | 19,938 |
| Liúntais do dhualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 174 | 131 |
| Iomarcaíocht | 79 | — |
| Liúntais eile | 45 | 92 |
| Ragobair | 36 | 46 |
| ÁSPC an Fhostóra | 912 | 799 |
| **Pá iomlán** | **21,433** | **21,006** |

[1] Tá pá iniatach san fhigiúr pá iomlán i dteidil A.1, A.4, A.7, B.1, B.4, B.5, B.11, B.12, B.13, B.14

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí de chuid €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht aonair | Uasíocaíocht aonair |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2012 | 2011 |
| | | | € | € |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 36 | 5 | 11,937 | 19,877 |
| Liúntais eile | 39 | — | 6,395 | 3,975 |
| Ragobair | 21 | — | 6,102 | 12,393 |

Fuair daoine áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luacha Saothair Eile**

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de chuid €95,758 i dtaca le triúr oifigeach a bhí i mbun seirbhíse lasmuigh den Roinn ar feadh cuid de 2012 nó don bhliain ar fad agus a d'íoc an Roinn tuarastal ina leith.

Faoi théarmaí chomhaontú athstruchtúraithe PCW 1% an AHCPS, fuair 33 oifigeach €67,722 san iomlán i dtaca le Liúntais Sinsearachta.

Athcheapadh seisear státseirbhíseach scortha a bhí i bhfáltas pinsean státseirbhíse ar bhonn táille ar chostas iomlán de chuid €48,243.

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Maoiniú an AE

Áiríonn an toradh atá léirithe i Theideal A.4., A.5. agus A.6. íocaíochtaí i ndáil le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag an AE (m.sh. ERDF, Interreg s.rl.).

| Teideal | Cur Síos | 2012 Meastachán €000 | 2012 Toradh €000 | 2011 Toradh €000 |
|---|---|---|---|---|
| A.4 | Cúnamh teicniúil na gcistí struchtúrtha agus costais eile | 629 | 632 | 791 |
| A.5 | Costais um chúnamh teicniúil na dTionól Réigiúnach (deontas-i-gcabhair) | 690 | 581 | 657 |
| A.6 | Clár Síochána/ Interreg Thuaisceart Éireann | 5,895 | 4,123 | 3,573 |
| | | 7,214 | 5,336 | 5,021 |

### 6.2 Coistí agus Coimisiúin

| | Bliain cheaptha | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Bord Eadrána na Státseirbhíse | 1950/51 | 12 | 35 |
| Comhlacht Athbhreithnithe ar Luach Saothair Níos Airde sa tSeirbhís Phoiblí | 1969/70 | — | — |
| | | 12 | 35 |

Ba é an costas iomlán a tabhaíodh i dtaca leis an nGasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair Níos Airde sa Roinn Phoiblí, dream a bhfuil a gcuid oibre críochnaithe acu, ná €3,249,541.

### 6.3 Íocaíochtaí Eile

Tá 50% de na costais trochlaithe tar éis scarúint ó chóiríocht léasaithe íoctha ag an Roinn, ar luach €175,000. Íocadh an chuid eile den chostas ag Vóta 7, Oifig an Aire Airgeadais.